Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**11848/26**

**AVIATION 115**
**RELEX 1008**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe
idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine
maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara mír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/1503 ón gComhairle[1], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí ('an Comhaontú') an 23 Meitheamh 2026, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir 16 Bhallstát agus an Chasacstáin a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (AE) 2025/1503 ón gComhairle an 8 Iúil 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (IO L 2025/1503, 24.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1503/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí a fhormheas[2].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha[3].

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

2 Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in … [*cuir isteach tagairt IO*].
3 Foilseofar dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.